



## **SCÉIM IOMPAR SCOILE DO LEANAÍ A BHFUIL RIACHTANAIS SPEISIALTA ACU DE BHARR MÍCHUMAS FÁTHMHEASTA**

### **1. Tús eolais**

Cumadh an méid seo a leanas chun mioneolas a sholáthar an Scéim Iompar Scoile do Leanaí a bhfuil Riachtanais Speisialta acu de bharr Míchumas Fáthmheasta. Gheofar ann eolas faoi na ceanteidil seo a leanas:

- **Cuspóir na Scéime**
- **Critéir Cháilitheachta**
- **An Próiseas Iarratais**
- **Leibhéal na Seirbhíse**
- **Coimhdeachtaí**
- **Táillí**
- **Deontais**
- **Iompar Scoile Lamháltais**
- **An Bord Achomhairc**
- **Nithe Ginearálta**

### **2. Cuspóir na Scéime**

Scéim í seo a thacaíonn le hiompar chun na scoile agus abhaile ón scoil i gcás leanaí a bhfuil riachtanais speisialta acu de bharr míchumas fáthmheasta, ag féachaint do na hacmhainní atá ar fáil.

Is é Bus Éireann a oibríonn na seirbhísí iompar scoile thar ceann na Roinne Oideachais agus Scileanna (an Roinn).

### **3. Critéir Cháilitheachta**

Cáilíonn leanaí le haghaidh iompair i gcás:

- ina bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu de bharr míchumas fáthmheasta de réir ainmniú na míchumas ardmhnicíochta agus ísealmhnicíochta atá leagtha amach in Imlitir na Roinne 02/05

agus

- ina fhreastalaíonn siad ar cheann díobh seo: an scoil phríomhshrutha is gaire dóibh, an rang speisialta/scoil nó aonad speisialta is gaire dóibh, a mhaoinítear nó a d'fhéadfaí a mhaoiniú, chun freastal dá riachtanais speisialta oideachais

Cinntear cáilitheacht tar éis dul i gcomhairle leis an gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (NCSE) tríd a líonra d'Eagraithe Riachtanas Speisialta Oideachais (SENOnna).

Bunófar cinnní maidir le cáiliú d'iompar i bhfianaise tosca na huair ar chéad rolladh an linbh.

Coimeádfaidh leanaí cáilithe a gcáilitheacht fad a bhíonn siad rollaithe sa rang speisialta/sa scoil nó san aonad speisialta.

Coimeádfaidh leanaí cáilithe atá rollaithe i rang/aonad uathachais atá ag gabháil le scoil phríomhshrutha a n-intofacht chun iompair i gcaitheamh a gcuid bunoidreachais sa scoil sin fiú má théann siad isteach i rang príomhshrutha sa scoil sin ina dhiaidh sin. Má aistríonn na leanaí seo chuig scoil eile beidh iarratas nua ar iompar ag teastáil.

Ní bhreithneofar soláthar seirbhísí teiripeacha, cuir i gcás Teiripe Urlabhra agus Cainte, Teiripe Cheirde, Seirbhísí Síceolaíochta srl. ar cúram iad d'Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, nuair a bheidh an socrúchán aitheanta is gaire á aithint chun críocha cáiliú d'iompar scoile.

### **4. An Próiseas Iarratais**

Níor cheart iarratas a dhéanamh ar sholáthar iompair, faoi théarmaí na scéime seo, ach sa chás nach féidir leis an leanbh úsáid a bhaint as na gnáthsheirbhísí iompar scoile.

Ba cheart do Thuismitheoirí/do Chaomhnóirí, do Phríomhoide na Scoile agus don SENO foirm iarratais a chomhlánú agus a shíniú roimh nó ag an gcéad rolladh.

Ba cheart don SENO foirmeacha iarratais comhlánaithe a chur chuig an Rannóg Iompar Scoile.

### **5. Leibhéal na Seirbhíse**

Bus Éireann atá freagrach as pleanáil agus as amchlár na mbealaí iompar scoile. Déanann Bus Éireann a dhícheall, laistigh de na hacmhainní atá ar fáil dó, a chinntiú go mbíonn leibhéal réasúnta seirbhíse iompar scoile ag gach leanbh cáilithe.

Nuair is féidir, agus ag brath ar chostas agus ar lóistíocht, breithneoidh an Roinn, bunaithe ar an eolas a gheofar ón SENO, ó thuismitheoirí/ó chaomhnóirí, ó údaráis na scoile agus mar sin de, cibé ar cheart socruithe iompair sainiúla/aonair a dhéanamh i gcás ina meastar nach féidir le leanbh taisteal i gcuideachta leanaí eile.

Déanfar athbhreithniú tréimhsiúil ar na seirbhísí sin agus d'fhéadfaí iad a aistarraingt agus/nó seirbhís eile/deontas a sholáthar ina n-ionad má thagann athrú ar na tosca. Samplaí, nach samplaí críochnúla iad, de thosca athraithe is ea iarratas/iarratais ar iompar a fháil ó leanbh/leanaí eile nó méadú ar neamhspleáchas an linbh ionas nach bhfuil gá níos mó le seirbhís aonair.

Le linn na gnáth-scoilbhliana a chuirfear seirbhísí iompar scoile ar fáil do leanaí cáilithe de ghnáth agus éascóidh siad freastal an linbh le linn na gnáthuaireanta oscailte agus dúnta.

## **6. Coimhdeachtaí**

Cuirfidh an SENO comhairle ar an Roinn nuair is eol di, faoi threoir chritéir na Roinne, ó thuarascálacha gairmiúla lena mbaineann, nó trí eolas a sholáthraíonn údaráis na scoile go bhfuil riachtanais chúraim agus sábháilteachta ag leanbh a dteastaíonn coimhdeacht chun freastal dóibh.

Leithdháileann an Roinn cistiú ar scoileanna chun coimhdeachtaí a fhostú do na leanaí sin.

Athbhreithneofar go tréimhsiúil an gá atá le coimhdeachtaí i bhfianaise riachtanais leanúnacha, neamhspleáchas agus aibíocht an linbh.

## **7. Táillí**

Ní ghearrtar táille ar leanaí cáilithe as seirbhís iompar scoile.

## **8. Deontais**

Féadfaidh an Roinn Deontas Speisialta Iompair (DSI) a sholáthar, faoina lánrogha féin, i leith chostas aon socruithe iompair phríobháidigh i gcás:

- nach féidir le Bus Éireann seirbhís iompair a sholáthar;
- nach mbeadh sé indéanta seirbhís iompair a sholáthar i bhfianaise aois, deacrachtaí iompair nó riachtanais mhíochaine an linbh;
- ina meastar gur gá coimhdeacht agus nach féidir an tacaíocht sin a sholáthar;
- ina meastar go mbeadh costas ró-ard ag gabháil le seirbhís a sholáthar/a choimeád ag imeacht.

Deontais don scoilbhliain ina bhfaightear an t-iarratas ar iompar agus don scoilbhliain sin amháin a bhreithneofar. Ní íocfar deontais go siarghabhálach.

Íocfar an DIS go bliantúil isteach i gCuntas Bainc an iarratasóra trí Ríomhaistriú Cistí ar Fhoirm Dearbhaithe Tinrimh chomhlánaithe a bheith faighte. Ní dhéanfar íocaíochtaí níos minice ná sin (in aghaidh an téarma scoile) ach i gcásanna eisceachtúla.

Déantar athbhreithniú tréimhsiúil ar dheontais agus féadfar iad a éagsúlú nó a aistarraingt má athraíonn na tosca.

## **9. Iompar Scoile Lamháltais**

Féadfaidh leanaí nach gcáilíonn d'iompar scoile iarratas a dhéanamh ar iompar lamháltais faoi réir na nithe seo a leanas:

- Foirm Iarratais Iompair a bheith comhlánaithe agus curtha ar aghaidh ag an SENO chuig an Rannóg Iompar scoile;
- seirbhís oiriúnach a bheith ann, faoi mar a chinnfidh Bus Éireann, ag dul chuig an scoil ina bhfuil an leanbh;
- áit a bheith ar fáil ar an tseirbhís;
- ní shíneofar ná ní athrófar bealaí, ná ní chuirfear feithiclí níos mó ná turais bhreise ar fáil i gcás iompair lamháltais; ní thabhófar aon chostas breise;
- an táille bliantúil cuí a bheith íoctha;
- ní bheidh iompar lamháltais ar fáil ar sheirbhísí sceidealta bus poiblí;
- nach gá áiseanna ná trealamh breise ar mhaithe le sábháilteacht an linbh nuair atá sé/sí ag taisteal;
- na tuismitheoirí/na caomhnóirí a bheith freagrach as cinntiú go dtugtar na leanaí go sábháilte chuig pointe bailithe a ainmneoidh Bus Éireann agus go mbailítear iad go sábháilte ón bpointe seachadta.

D'fhéadfadh infhaighteacht an iompair lamháltais a bheith éagsúil ó bhliain go bliain agus ní féidir a ghealladh go mbeidh sé ar fáil fad a bheidh leanbh rollaithe i scoil ar leith.

## **10. An Bord Achomhairc**

Gheofar Téarmaí Tagartha an Bhoird Achomhairc Iompar Scoile ar shuíomh Gréasáin na Roinne.

Scrúdaíonn agus cinneann an Bord Achomhairc Iompar Scoile achomhairc in aghaidh phróiseas iarratais an iompair scoile maidir le soláthar seirbhísí iompar scoile agus/nó cabhair dheontais faoi théarmaí na Scéimeanna Iompar Scoile.

Ní scrúdaíonn an Bord cásanna a mheasann Bord Éireann a bhfuil mí-iompar tromchúiseach i gceist iontu a chuirfeadh sábháilteacht agus folláine leanaí agus/nó an tiománaí i mbaol nó a chuirfeadh oibriú sábháilte na seirbhíse i gcoitinne i mbaol.

Achomharcóir ar bith atá míshásta le cinneadh de chuid an Bhoird, tá sé de cheart aige/aici an t-ábhar a tharraingt anuas le Ombudsman na Leanaí.

## **11. Nithe Ginearálta**

Ní mór aon athruithe ar na tosca faoinar ceadaíodh iompar nó íocaíocht deontais a chur in iúl don Roinn láithreach.

Má bhaineann leanaí úsáid as seirbhísí iompair nó má fhaightear deontas ina leith ar shlí atá contrártha do théarmaí na scéime seo, ní fhágfaidh sé sin go mbeidh de cheart ag na faighteoirí an áis sin a fháil feasta.

D'fhéadfaí an scéim seo a leasú nó a nuashonrú ó am go chéile chun athruithe ar oibríochtaí, ar bhuiséad, nó athruithe eile a léiriú.

### **Ba cheart ceisteanna i dtaobh na scéime seo a sheoladh chuig:**

An Rannóg Iompar Scoile,  
An Roinn Oideachais agus Scileanna,  
Bóthar Phort Laoise,  
Tulach Mhór,  
Co. Uíbh Fhailí.

**Uimhir Fóin: 057 9325466/7.**

Tá an scéim seo agus na doiciméid a ghabhann leis ar fáil ar shuíomh Gréasáin na Roinne ag [www.education.ie](http://www.education.ie)

**Samhain 2011.**